Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9644/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0077/B(COD)**

**CODEC 1251**
**ENER 219**
**ENV 493**
**CLIMA 194**
**COMPET 524**
**CONSOM 184**
**FISC 103**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Márta 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 5 Iúil 2023[3].

1 7440/23 + ADD 1.
2 IO C 293, 18.8.2023, lch. 112.
3 IO C, C/2023/253, 26.10.2023.

4. An 11 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 2/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 8756/24.